# Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

# Beartas maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir thagartha an doiciméid** | LMETB/CS | **Doiciméad arna thionscnamh ag** | Rannóg SOC LMETB |
| **Uimhir athbhreithnithe** | 001 | **Doiciméad arna dhréachtú ag** | Rannóg SOC LMETB |
| **Doiciméad arna athbhreithniú ag** | FBS | **Doiciméad arna dhaingniú ag** | Bord LMETB |
| **Dáta ar daingníodh an doiciméad** | 10/10/2019 | **Dáta ar cuireadh an doiciméad i bhfeidhm** | 10/10/2019 |
| **Tréimhse athbhreithnithe shannta** | 3 Bliana | **Freagrach as cur i bhfeidhm** | FBS LMETB |
| **Freagrach as athbhreithniú** | FBS | **An chéad dáta athbhreithnithe eile** | 1 bhliain tar éis a chur chun feidhme |
| **Cóip bhunaidh arna heisiúint ag** | FBS LMETB | **Dáta aistarraingthe doiciméad atá imithe as feidhm** | N/A |

| |
|---|
| **Air Leasaithe** |

| **Dáta** | **Leibhéal athbhreithnithe** | **Sonraí an leasaithe** | **Síniú ceadaithe** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

Tá gach ball foirne de Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (LMETB) tiomanta do phrionsabail na seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí mar atá leagtha amach thíos:

## Seirbhís do Chách

- Tá sé mar aidhm againn seirbhís ardchaighdeáin inrochtana a sholáthar dár gcustaiméirí go léir.
- Cinnteoimid na cearta chun cóir chomhionann arna mbunú le reachtaíocht do gach duine atá ag lorg ár seirbhísí.
- Úsáidfimid teicneolaíocht nua-aimseartha chun tacú lenár seachadadh seirbhíse.
- Cothóimid cur chuige comhordaithe agus comhtháite maidir le seachadadh ár seirbhísí.

## Seirbhís Chúirtéiseach

- Cuirfimid ár seirbhís ar fáil ar bhealach dea-bhéasach agus cúirtéiseach.
- Cinnteoimid go mbeidh meas ar an bpríobháideachas i gcónaí

## Ag Dul Isteach inár bhFoirgnimh

- Déanfaimid ár ndícheall cinntiú go bhfuil ár bhfoirgnimh uile inrochtana.
- Coinneoimid ár limistéir phoiblí agus seirbhíse sábháilte agus glan.

## Eolas Poiblí

- Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil an t-eolas uile a chuirimid ar fáil soiléir, tráthúil agus cruinn.
- Cuirfear eolas foilsithe ar fáil i bhformáid inrochtana agus atá éasca le léamh agus beidh sé ar fáil ar ár láithreáin ghréasáin freisin.
- Cuirfear ár n-eolas poiblí, de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon agus cuirfimid in iúl duit go bhfuil sé de cheart agat mar chustaiméir déileáil leat i nGaeilge nó i mBéarla.
- Beidh aitheantas oifigiúil ag gabháil le haon bhall foirne a thugann cuairt ar do theach.

## Faisnéis Phearsanta

- Déileálfaimid leis an bhfaisnéis phearsanta go léir a chuirtear ar fáil ar bhealach rúnda agus ní úsáidfimid an fhaisnéis sin ach amháin chun na gcríoch ar chucu a chuirtear ar fáil í, de réir na reachtaíochta ábhartha.

## Mic léinn/Rannpháirtithe agus Foireann

- Tá sé mar aidhm againn an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar do mhic léinn/rannpháirtithe inár gcláir agus gníomhaíochtaí foghlama.
- Aithnímid an fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha.

## Dul i gComhairle lenár gCustaiméirí

- Rachaimid i gcomhairle leat agus déanfaimid cáilíocht ár seirbhíse a mheas go rialta.

## Gearáin agus Achomhairc

- Fáiltímid agus iarraimid tuairimí ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil agus ar aon mholtaí ina leith sin.
- Tá áis aiseolais ar ár suíomh gréasáin ag www.lmetb.ie/about-us/customer-service/
- Sa chás nach bhfuil tú sásta le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, tá Nós Imeachta Gearán agus Achomhairc i bhfeidhm.